Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Trinity College Dublin
Ollscoil Átha Cliath | The University of Dublin

| Coiste na Gaeilge | Irish Language Committee |
|---|---|
| **Cruinniú**<br>**Dé Máirt 14 Meitheamh 2022, 11.30am**<br>**Zoom** | **Meeting**<br>**Tuesday 14th June, 11.30am**<br>**Zoom** |
| **MIONTUAIRISCÍ** | **MINUTES** |
| **I láthair**: | **Present**: |
| • Cathaoirleach & Ionadaí Dhámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta – an Dr Noel Ó Murchadha (Cathaoirleach)<br>• Rúnaí an Choláiste – John Coman<br>• Cláraitheoir na Seomraí – an Dr Dónall Mac Dónaill<br>• Ionadaí an Bhoird – an tOllamh Louis Brennan<br>• Roinn na Gaeilge & na dTeangacha Ceilteacha – an Dr Mícheál Hoyne<br>• Dámh na nEolaíochtaí Sláinte – an Dr Caoimhín Mac Giolla Phádraig<br>• Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn – Caoimhe Ní Mhaolaí<br>• Dámh na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Matamaitice – an Dr Nóirín Nic a' Bháird<br>• Oifigeach na Gaeilge – Áine Ní Shúilleabháin (Rúnaí)<br>• Ionadaí na nDéan – an Dr Anthony O'Connor<br>• Leas-Reachtaire an Chumainn Ghaelaigh – Oisín O'Keeffe<br>• An Leabharlann – Nicole Seabrook | • Representative of Faculty of Arts, Humanities and Social Sciences – Dr Noel Ó Murchadha (Chair)<br>• Secretary to the College – John Coman<br>• Registrar of Chambers – Dr Dónall Mac Dónaill<br>• Representative of Board – Professor Louis Brennan<br>• Department of Irish & Celtic Languages – Dr Mícheál Hoyne<br>• Faculty of Health Sciences – Dr Caoimhín Mac Giolla Phádraig<br>• Students' Union Irish Language Officer – Caoimhe Ní Mhaolaí<br>• Faculty of Science, Technology, Engineering and Mathematics – Dr Nóirín Nic a' Bháird<br>• Irish Language Officer – Áine Ní Shúilleabháin (Secretary)<br>• Faculty Dean representative – Dr Anthony O'Connor<br>• Vice Auditor of An Cumann Gaelach – Oisín O'Keeffe<br>• Library – Nicole Seabrook |
| **1. Ballraíocht & Leithscéalta:** | **1. Membership & Apologies**: |
| • Ionadaí na Comhairle – an tOllamh Pól Ó Grádaigh<br>• Aontas na nIarchéimithe – Gisèle Scanlon<br>• An Limistéar Riaracháin agus Tacaíochta – Orlaith Tunney | • Representative of Council – Professor Paul O'Grady<br>• Graduate Students' Union – Gisèle Scanlon<br>• Administrative and Support Area – Orlaith Tunney |
| **2. Ballraíocht** | **2. Membership** |
| Cuireadh fáilte roimh bheirt bhall nua, Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn, agus Leas-Reachtaire an Chumainn Ghaelaigh a bhí i láthair in áit an Reachtaire.<br><br>Beidh ball nua le hainmniú ag Aontas na nIarchéimithe don bhliain acadúil nua. | Two new members were welcomed, the Students' Union Irish Language Officer and the Vice Auditor of An Cumann Gaelach who attended in place of the Auditor.<br><br>A nomination will be required from the Graduate Students' Union for the new academic year. |
| **3. Miontuairiscí** | **3. Minutes** |
| Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe ón 1 Aibreán 2022. | |

The minutes of the meeting held on 1st April 2022 were approved.

**4. Acht na dTeangacha Oifigiúla & an Ceathrú Scéim Teanga**

Cuireadh in iúl go raibh comhfhreagras faighte ón An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán maidir leis an gceathrú scéim teanga. Ní cheadófar aon scéimeanna teanga nua go hoifigiúil os rud é go bhfuil Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 tagtha i bhfeidhm agus go mbeidh caighdeáin á dtabhairt isteach faoi sin a thógfaidh áit na scéimeanna teanga. Beidh an tríú scéim i bhfeidhm go dtí go leagtar síos na caighdeáin. Moladh go scríobhfaí chuig an Roinn chun míshástacht a chur in iúl mar gheall ar an am agus airgead atá caite le dréachtadh na scéime.

Cuirfear achoimre ar phríomhphointí an Achta leasaithe ar fáil mar aguisín le miontuairiscí an chruinnithe seo.

**4. Official Languages Act and the Fourth Language Scheme**

Correspondence has been received from the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media in relation to the fourth language scheme. No new language schemes will be officially approved as the Official languages (Amendment) Act 2021 is now effective and standards will be introduced under this which will take the place of the language schemes. The third language scheme will remain in place until the standards are set. It was suggested to write to the Department to express dissatisfaction regarding the time and money that has been spent in drafting the scheme.

A summary of the amended Act's main points will be provided as an appendix with the minutes of this meeting.

**5. Tuairisc Oifigeach na Gaeilge**

Thug an tOifigeach Gaeilge cuntas ar obair leanúnach na hOifige.

**An Scéim Cónaithe**
Tháinig ceist aníos le déanaí maidir le mic léinn a fhaigheann Scoláireachtaí an Choláiste a bheith in ann áit a bhaint amach ar an Scéim Cónaithe agus an bhféadfadh an scoláireacht costais an lóistín a chlúdach agus iad ar an Scéim. Tharla sé cheana nach raibh mac léinn scoláireachta in ann glacadh le háit ar an scéim agus a gcuid maoinithe scoláireachta a úsáid. Pléadh é seo le Cláraitheoir na Seomraí agus le dlíodóir an Choláiste agus soiléiríodh gur cheart, de réir na Staitiúidí, go mbeadh mac léinn scoláireacht in ann glacadh le háit ar an Scéim agus an scoláireacht a úsáid chun costas an lóistín a chlúdach.

**Scéim an Champais agus Scéim na Dara Bliana**
Tá an próiseas roghnúcháin curtha i gcrích don Scéim seo agus tá 18 mac léinn roghnaithe don bhliain acadúil 2022-23. Caitheadh an spriocdháta a shíneadh ach fuarthas thart ar 60 iarratas, ardú ó 47 anuraidh. Reáchtáladh na hagallaimh ar líne agus gabhadh buíochas leis Dr Mícheál Hoyne as a bheith ar an bpainéal agallaimh.

**Scéim na Chéad Bhliana**
Tá an próiseas iarratais fógartha don Scéim seo ina gcuirfear 12 spás ar fáil do mhic léinn céad bhliana don bhliain acadúil 2022-23. Tá sé i gceist na hagallaimh a reáchtáil go luath i mí Iúil tar éis hArdteiste.

**Ranganna Gaeilge**
Fuarthas torthaí measctha ar an suirbhé a scaipeadh ar fhoghlaimeoirí ag deireadh théarma na Féile Bríde maidir leis na ranganna a bheith ar líne. D'fhreagair 24 duine an suirbhé agus chuir 58% in iúl gur mhaith leo na ranganna a bheith ar

**5. Report of the Irish Language Officer**

The Irish Language Officer gave an account of the ongoing work of the Office.

**Irish Language Residency Scheme**
A question arose recently in relation to student Scholars and their ability to take part in the Irish Language Residency Scheme and to use the scholarship to offset accommodation costs while on the Scheme. It has happened previously that a Scholar was unable to take up a place on the Scheme while using their scholarship funds. The question was discussed with the Registrar of Chambers and the College Solicitor and it was clarified that, according to the Statues, a Scholar student is entitled to take part in the Scheme and to use the scholarship to cover the accommodation costs.

**Campus & Second-Year Irish Residency Scheme**
The selection process for this Scheme has been completed with 18 students selected for the academic year 2022-23. The deadline was extended and approximately 60 applications were received, an increase from 47 last year. The interviews were held online and Dr Mícheál Hoyne was thanked for his time given on the interview panel.

**First Year Irish Residency Scheme**
The application process has been announced for this Scheme which will provide 12 spaces for first year students in the 2022-23 academic year. Interviews are to be held in early July after the Leaving Certificate.

**Irish Language Classes**
The survey circulated to learners at the end of Hilary Term produced mixed results in relation to classes being held online. There were 24 responses and 58% indicated that they would like classes to remain online (Vs 73% in Michaelmas

líne (Vs 73% i dTéarma na Féile Michíl) agus 33% gur mhaith leo go mbeidís ar an gcampas (Vs 23% i dTéarma na Féile Michíl). Más féidir seomraí ranga a fháil ar an gcampas sa bhliain acadúil nua, déanfar iarracht níos mó dóibh a bheith ar an láthair. Beidh conradh nua le cur i bhfeidhm le soláthraí don bhliain acadúil nua.

Term) and 33% answered that they would like them to be on campus (Vs 23% in Michaelmas Term). If classrooms can be secured in the new academic year, it is hoped that more of them will be on-site. A new contract will be put in place with a provider for the new academic year.

**Aistriúchán**
Tá polasaí ag an bPropast go mbeadh na ríomhphoist a sheolann sí go pobal na hollscoile dátheangach agus tugann an tOifigeach Gaeilge tacaíocht dá hoifig chun na haistriúcháin sin a chur ar fáil.

**Translation**
The Provost has a policy that all emails sent to the College community are bilingual and the Irish Language Officer supports her office in providing these translations.

**Ciorcal comhrá**
Bíonn an ciorcal comhrá sa Bhutrach gach coicís faoi láthair agus ar líne na seachtainí eile. Leanfar leis an gcóras sin don samhradh agus déanfar machnamh ar fhilleadh go lánaimseartha ar an gcampas tar éis an tsamhraidh.

**Conversation Circle**
The conversation circle is currently held in the Buttery each fortnight and is online every other week. This will continue for the summer, and a return to campus fulltime will be considered after the summer.

**Tuairisc Airgeadais**
Cuireadh cuntas airgeadais don tréimhse Deireadh Fómhair 2021 go Aibreán 2022 ar fáil don Choiste.

Tá €64.480.64 caite sa bhliain go dtí seo idir ábhair phá agus neamh-phá. Tá buiséad na bliana seo (€98,770.35) laghdaithe go suntasach ó bhuiséad €106,500 a bhí ar fáil in 2020-21. Cuireadh in iúl don Rannóg Seirbhísí Airgeadais ag tús na bliana go mbeadh tionscadail éagsúla nach bhféadfaí a chur i gcrích anuraidh de bharr na paindéime i gceist i mbliana. Luadh ag an am go mbeadh buiséad cosúil leis an mbliain anuraidh ar fáil. Meastar go mbeidh thart ar €6,000 breise ag teastáil chun costais na bliana a chlúdach.

**Financial Report**
A financial account for the period October 2021 to April 2022 was provided for the Coiste.

Expenditure stands at €64.480.64 to date including pay and non-pay items. This year’s budget (€98,770.35) is significantly reduced from €106,500 in 2020-21. FSD was informed at the beginning of the year that projects which could not be completed last year due to the pandemic would be done this year. It was stated at the time that a budget similar to last year would be available. It is estimated that an additional approximately €6,000 will be needed to cover the costs for the year.

## 6. Tuairisc an Chumainn Ghaelaigh

Chuir Leas-Reachtaire an Chumainn é féin in aithne don Choiste agus rinne sé cur síos ar ghnó an Chumainn ag deireadh an téarma:

- Toghadh coiste nua don bhliain acadúil 2022-23. Líonadh 11 ról agus toghfar oifigigh bhreise i mí Mheán Fómhair. Cuireadh oiliúint ar na hoifigigh nua dá gcuid ról.
- D’éirigh go han-mhaith le himeacht deireanach na bliana, Eat, Sleep, Réabh, Arís.
- Beidh an coiste nua ag bualadh le chéile go luath chun féachaint chun cinn ar an mbliana acadúil nua agus chun Seachtain na bhFreisear agus imeachtaí eile a phleanáil. Táthar ag súil le Seachtain na bhFreisear a cheiliúradh i láthair go pearsanta i mbliana. Beifear ag súil le leanúint leis an gcomhoibriú láidir le cumainn eile chomh maith.

## 6. An Cumann Gaelach Report

The Vice Auditor introduced himself to the Committee and reported on the society’s work at the end of term:

- A new committee has been elected for the 2022-23 academic year. 11 roles were filled, and additional officials will be elected in September. The new officers have been trained for their roles.
- The last event of the year, Eat, Sleep, Réabh, Arís was very successful.
- The new committee will soon meet to look ahead to the new academic year and to plan Freshers’ Week and other events. The society is looking forward to celebrating Freshers’ Week fully in person this year. It is also intended to continue the strong collaboration with other societies.

## 7. Tuairisc Aontas na Mac Léinn

## 7. Students’ Union Report

Chuir Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn í féin in aithne don Choiste agus rinne sí cur síos ar na haidhmeanna a bheidh aici don bhliain acadúil nua.

- Leanfar leis an bhfeachtas chun Seomra na Gaeilge a dhéanamh inrochtana.
- Níos mó Gaeilge a bheith ar meáin shóisialta AML.
- Go leor imeachtaí a eagrú ionas go mbeidh an rogha céanna imeachtaí ar fáil trí Ghaeilge agus atá ar fáil trí Bhéarla.
- Eolas a chur ar shuíomh gréasáin AML maidir leis deiseanna atá ann leis an nGaeilge san ollscoil e.g. An Scéim Cónaithe, deiseanna fostaíochta, imeachtaí an Chumainn Ghaelaigh. Meastar go bhfuil go leor mac léinn lasmuigh de shaol na Gaeilge nach bhfuil ar an eolas faoi na nithe seo.

The Students' Union Irish Language Officer introduced herself to the Committee and gave an outline of her aims for the new academic year.

- The campaign to make Seomra na Gaeilge accessible will continue.
- More Irish language to feature on the SU's social media.
- Organise many activities so that the choice of events available through Irish is the same as that available in English.
- Provide information on the SU's website on Irish language opportunities in College e.g. the Irish Language Residency Scheme, employment opportunities, An Cumann Gaelach events. It is thought that there are a number of students not involved with the College's Irish language community who may not be aware of these projects.

**8. Seomra na Gaeilge**

Tá na costais a bhaineann leis na roghanna atá luaite sa staidéar féidearthachta curtha ar fáil. Cuireadh trí rogha in iúl.

1. (a)
Ardaitheoir ag cúl an fhoirgnimh, le forhalla ag an mbealach isteach. Chuirfí rochtain ar fáil do:
a) Urlár na talún – bialann na Butraí
b) An chéad urlár – An Proinnteach
c) An dara hurlár – spásanna na hoifige lónadóireachta agus Seomra na Gaeilge
Costas: €750,190.63

1. (b)
Ardaitheoir ag cúldoras an fhoirgnimh, *gan* forhalla ag an mbealach isteach. Chuirfí rochtain ar fáil do:
a) Urlár na talún – bialann na Butraí
b) An chéad urlár – an Proinnteach
c) An dara hurlár – spásanna na hoifige lónadóireachta agus Seomra na Gaeilge
Costas: €665,848.10

2.
Ardaitheoir aice le doras na Butraí. Chuirfí rochtain ar fáil do:
a) Urlár na talún – Bialann na Butraí
b) An chéad urlár – an Proinnteach
c) An dara hurlár – an Seomra Cuibhreann agus Seomra na Gaeilge. Chaithfí dul tríd an Seomra Cuibhreann chun teacht ar Seomra na Gaeilge.
Costas: €503,840.13

Is féidir na pleananna seo a chur ar fáil d'aon bhall den gCoiste a mbeadh suim acu iad a fheiceáil. Tá costais thógála á mheas freisin do Sheomra Léitheoireachta 1937, Teach an

**8. Seomra na Gaeilge**

The costs related to options outlined in the feasibility study have been provided. Three options were provided.

1. (a)
Elevator near the back entrance of the building with a closed-in lobby space. This would provide access to:
a) Ground floor – Buttery Restaurant
b) First floor – Dining Hall
c) Second floor – Catering offices and Seomra na Gaeilge
Cost: €750,190.63

1. (b)
Elevator at the back of the building *without* a closed-in lobby. This would provide access to:
a) Ground floor – Buttery Restaurant
b) First floor – Dining Hall
c) Second floor – Catering offices and Seomra na Gaeilge
Costs: €665,848.10

2.
Elevator near the main entrance door to the Buttery. This would provide access to:
a) Ground floor – Buttery Restaurant
b) First floor – Dining Hall
c) Second floor – Senior Common Room and Seomra na Gaeilge. A person would need to pass through the Senior Common Room to arrive at Seomra na Gaeilge.
Cost: €503,840.13

These plans can be made available to any members of the Committee who may wish to see them. Costs for the 1937 Reading Room, the Provost's House and House 6 are being

| | | |
|---|---|---|
| Phropaist agus Teach 6 sula ndéanfar cinneadh ar cad a d'fhéadfaí a dhéanamh do Sheomra na Gaeilge. | | reviewed and then a decision will be made on what might be possible for Seomra na Gaeilge. |
| **9. Aon ghnó eile**<br><br>Ní raibh aon ghnó eile. | | **9. Any other business**<br><br>There was no other business. |